C/2025/4405

5.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4405)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Luberon'

PDO-FR-A0920-AM04

Dáta na teachtaireachta: 12.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Luberon'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta, an Agraibhia agus an Bheartais Réigiúnaigh

An Oifig um Fhíonta agus Deochanna Eile

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní mheastar gur leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143. Go sonrach:

(a) níl i gceist leo athrú ar an ainm nó ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Limistéar geografach agus limistéar díreach in aice láimhe*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Luberon' i gCaibidil I, Roinn IV, 'Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla', pointe 1, 'Limistéar geografach', agus pointe 3, 'Limistéar díreach in aice láimhe', chun tagairt a chur leis an gCód Geografach Oifigiúil 2024, gan aon athrú eile.

Leis an bhfoclaíocht leasaithe sin, ceadaítear an limistéar geografach a shainaithint le tagairt do leagan 2024 den Chód Geografach Oifigiúil arna eisiúint ag an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE), a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Tugadh ainmneacha roinnt bardas cothrom le dáta gan aon athrú eile.

Sa limistéar geografach, is Castellet-en-Luberon atá anois ar Castellet, is Puget atá anois ar Puget sur Durance agus is Taillades atá anois ar Les Taillades.

Sa limistéar díreach in aice láimhe, is Céreste-en-Luberon atá anois ar Céreste, is Corbières-en-Provence atá anois ar Corbières agus is Saint-Paul-lès-Durance atá anois ar Saint-Paul-Lez-Durance.

Rinneadh na hathruithe sin freisin sa doiciméad aonair faoi na ceannteidil 'Limistéar geografach' agus 'Coinníollacha breise – Limistéar díreach in aice láimhe'.

2. *Cineálacha fíniúna*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Luberon' i gCaibidil I, Roinn V, 'Cineálacha fíniúna', trí na nithe seo a leanas a chur léi:

— na cineálacha Counoise N, Caladoc N, Sciaccarello N agus Niellucio N chun fíonta dearga agus *rosé* a tháirgeadh;

— na cineálacha Piquepoul Blanc B, Carignan Blanc B, Assyrtiko B, Parellada B agus Grenache Gris G chun fíonta geala a tháirgeadh.

Scriosadh Counoise N ó liosta na gcineálacha a chumhdaítear le bearta idirthréimhseacha agus a áirítear mar chineál tánaisteach a bhféadfadh suas le 20 % de chineálacha fíniúna gabháltais a bheith i gceist leis.

Áiríodh na cineálacha eile sa tsonraíocht mar chineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe. I gcomhthéacs an téimh dhomhanda leanúnaigh, cuireann na cineálacha sin frithsheasmhacht níos mó ar fáil in aghaidh triomaigh, gan próifíl orgánaileipteach na bhfíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán a athrú.

D'fhéadfadh suas le 5 % de chineálacha fíniúna gabháltas agus suas le 10 % de chumaisc a bheith sna cineálacha spéise chun críoch oiriúnaithe.

Cuireadh na cineálacha atá i gceist leis an liosta de chineálacha fíonchaor sa doiciméad aonair.

3. *Rialacha maidir le cion na gcineálacha fíniúna ag gabháltas*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Luberon' i gCaibidil I, Roinn V, 'Cineálacha fíniúna', chun a shonrú nach bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le cion na gcineálacha fíniúna ag gabháltas maidir le gabháltais bheaga níos lú ná 1,5 heicteár i ndáil le fíonta dearga, fíonta geala nó fíonta *rosé*.

Maidir le fíonta dearga, méadaíodh cion chineál Cinsaut N ó uasmhéid 20 % go huasmhéid 30 % agus socraíodh cion Counoise N ag 20 % ar a mhéad de na cineálacha a plandáladh.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

4. *Lipéadú*

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Luberon' i gCaibidil I, Roinn XII, 'Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú', chun na ceanglais lipéadaithe a leagan amach le haghaidh na n-aonad geografach níos mó 'Cru des Côtes du Rhône' agus 'Vignobles de la Vallée du Rhône'. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Leagtar amach na rialacha lipéadaithe sin sa doiciméad aonair faoin gceannteideal 'Coinníollacha breise – Lipéadú'.

5. *Tagairtí don chomhlacht rialaithe*

Tugadh an tsonraíocht táirge le haghaidh an ainmniúcháin 'Luberon' cothrom le dáta i gCaibidil III, Roinn II, 'Tagairtí don chomhlacht rialaithe', chun a shonrú go ndéanann comhlacht tríú páirtí arna shainordú ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta, ar bhonn plean rialaithe formheasta, a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Luberon

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

1. *Fíonta rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta *rosé*. Níor cheart méid siúcra choipthigh na bhfíonta a bheith níos mó ná 4 g/l. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13 % de réir toirte. Déantar na fíonta as cumasc de dhá chineál fíniúna ar a laghad. Cé gur gnáthfhíon de chuid fhíonghoirt ghleann Rhône iad na fíonta *rosé*, tá tionchair na Meánmhara nó, níos sonraí fós, tá tionchair Provence le brath ar na fíonta *rosé* freisin. Bíonn siad úr agus torthaíoch, bíonn dea-bholaithe torthaí andúchasacha orthu go minic, ar dea-bholaithe iad a fheabhsaítear le beogacht chothrom.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 12 % de réir toirte ag na fíonta dearga. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13,5 % de réir toirte. Níor cheart méid siúcra choipthigh na bhfíonta a bheith níos mó ná 4 g/l nuair is mó ná 14 % an neart alcóil de réir toirte, nó 3 g/l nuair is lú ná 14 % an neart alcóil de réir toirte. Is lú ná 0,4 g/l a gcion aigéid mhalaigh tráth an phacáistithe. Déantar na fíonta as cumasc de dhá chineál fíniúna ar a laghad. Bíonn fíonta dearga 'Luberon' cothrom, agus baineann raon aramatach torthaíoch leo ina mbíonn cuiríní dubha nó torthaí dearga úra eile i gceannas.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíniúnacha geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11,5 % de réir toirte ag na fíonta geala. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13 % de réir toirte. Níor cheart méid siúcra choipthigh na bhfíonta a bheith níos mó ná 4 g/l. Déantar na fíonta as cumasc de dhá chineál fíniúna ar a laghad. Bíonn fíonta geala 'Luberon' bog agus aramatach, ina mbíonn bolaithe a chuireann blasanna torthaí citris i gcuimhne. Tá carachtar mianrach acu a thagann amach trí chothromaíocht idir úire agus maothlachas.

Saintréithe anailíseacha ginearálta:

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Le linn fíonta *rosé* a dhéanamh, féadfaidh déantóirí fíona gualach fíonóireachta a úsáid go heisiach i gcás úrfhíonta fáiscthe, de réir cion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona lena mbaineann i cás buaint ar leith.

2. Spásáil agus prúnáil

Modh fáis

— Níor cheart an t-achar atá ar fáil le haghaidh gach planda a bheith níos mó ná 2,50 m^2, arna ríomh tríd an bhfad idir sraitheanna agus an spás idir plandaí sa tsraith chéanna a iolrú.

— Níor cheart an fad idir sraitheanna a bheith níos faide ná 2,50 m.

— Bíonn an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna idir 0,80 m agus 1,20 m.

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil:

— trí bhíthin prúnáil spoir (trí úsáid a bhaint as cuachphrúnáil nó prúnáil Royat) agus sé spor ar a mhéad in aghaidh na fíniúna agus dhá bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an spoir; nó

— trí mhodh Guyot singil á úsáid, agus sé bhachlóg ar a mhéad ar an gcána agus spor athsholáthair ar a mbíonn dhá bhachlóg ar a mhéad.

3. Uisciú

Modh fáis

Féadfar uisciú a cheadú.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna bardais seo a leanas de roinn Vaucluse, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2024:

Ansouis, Apt, La Bastide-des-Jourdans, La Bastidonne, Beaumont-de-Pertuis, Bonnieux, Cabrières-d'Aigues, Cadenet, Castellet-en-Luberon, Cheval-Blanc, Cucuron, Goult, Grambois, Lacoste, Lauris, Lourmarin, Maubec, Ménerbes, Mérindol, Mirabeau, La Motte-d'Aigues, Oppède, Pertuis, Peypin-d'Aigues, Puget, Puyvert, Robion, Saignon, Saint-Martin-de-Castillon, Saint-Martin-de-la-Brasque, Sannes, Taillades, La Tour-d'Aigues, Vaugines, Villelaure, Vitrolles-en-Luberon.

7. **Cineálacha fíonchaor**

Assyrtiko B

Bourboulenc B – Doucillon Blanc

Caladoc N

Carignan N

Carignan Blanc B

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Counoise N

Gamay N

Grenache N

Grenache Blanc B

Grenache Gris G

Marsanne B

Marselan N

Mourvèdre N – Monastrell

Nielluccio N – Nielluciu

Parrellada B

Pinot Noir N

Piquepoul Blanc B

Piquepoul Noir N

Roussanne B

Sciaccarello N

Syrah N – Shiraz

Ugni Blanc B

Vermentino B – Rolle

Viognier B

8. **Tuairisc ar na naisc**

An limistéar geografach atá suite timpeall mhasaíf aolchloiche Luberon, tá sé thar a bheith aonfhoirmeach. Tá sé mar chuid de limistéar fíonsaothrúcháin níos mó ghleann Rhône agus tá teorainn aige le gleann Apt agus leis an limistéar táirgeachta AOC 'Ventoux' ó thuaidh, le gleann Durance ó dheas, le bunchnoic Alpa Haute-Provence ar an taobh thoir agus le machaire Vaucluse ar an taobh thiar.

Tá na fíonghoirt suite ar na fánaí nó ag bonn na gcnoc maorga aolchloiche, ar dháileachtaí talún a bhfuil a n-ithreacha comhdhéanta de ghairbhéal aolchloiche a chuireann a dtéamh agus a ndraenáil chun cinn, rud a fhágann go bhfuil siad an-oiriúnach do tháirgeadh fíonchaor ar ardchaighdeán.

Tá aeráid na Meánmhara fabhrach d'aibiú na bhfíonchaor, a bhuí le teochtaí arda agus neart gréine le linn an tsamhraidh, nuair a charnann siúcraí agus polaifeanóil sna caora. Cuidíonn an ghaoth, trí na scamaill a dhíbirt, leis na fíniúnacha a chosaint ar ghalair chrioptagamacha. Cuireann nochtadh don ghrian forbairt réamhtheachtaithe aramatacha chun cinn freisin. Tá an limistéar oscailte do thionchair Alpacha ón oirthear agus tá éagsúlachtaí móra teochta idir an lá agus an oíche ina saintréithe ann freisin. Leis na héagsúlachtaí sin, go háirithe ag céim aibithe na bhfíonchaor, is féidir leis na polaifeanóil forbairt go mall agus dá bhrí sin bíonn tionchar díreach acu ar chothromaíocht na bhfíonta, rud a thugann ann d'fhíonta maothlacha agus iomlána a bhfuil úire agus galántacht ina saintréithe iontu.

Tá iarrachtaí leanúnacha déanta ag déantóirí fíona 'Luberon' feabhas a chur ar mhodhanna táirgthe. Mar thoradh air sin, faightear buaint fíonchaor ar ardchaighdeán faoi dhálaí maithe teicniúla, ar leibhéal an fhíonghoirt a bhuí le clár chun cineálacha cáilíochta a roghnú agus ag céim an táirgthe trí threalamh fíonóireachta a nuachóiriú.

Bíonn an-tóir ag turasóirí ar limistéar fíonsaothrúcháin 'Luberon' de bharr a ghleannta, a fhoraoisí, a chaisleáin agus a scéalta béaloidis. Faigheann cuairteoirí amach faoin limistéar trí chamchuairt a thabhairt ar na fíonghoirt agus ar na sráidbhailte bairr cnoic atá ann.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is féidir aonad geografach níos lú a lua ar lipéid na bhfíonta atá i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe, ar choinníoll:

— gur suíomh cláraithe é;

— go bhfuil sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is féidir an t-aonad geografach níos mó 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a lua ar lipéid na bhfíonta atá i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuimsíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú trí mhaolú chun na fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt, críoch na mbardas seo a leanas, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2024:

— Roinn Alpes-de-Haute-Provence: Aubenas-les-Alpes, Banon, Céreste-en-Luberon, Corbières-en-Provence, L'Hospitalet, Montfuron, Montjustin, Montsalier, Oppedette, Pierrevert, Redortiers, Reillanne, Revest-des-Brousses, Revest-du-Bion, La Rochegiron, Sainte-Croix-à-Lauze, Sainte-Tulle, Saumane, Simiane-la-Rotonde, Vachères, Villemus;

— Roinn Bouches-du-Rhône: Alleins, Aureille, Barbentane, Cabannes, Charleval, Châteaurenard, Eygalières, Eyguières, Eyragues, Graveson, Jouques, Lamanon, Lambesc, Mallemort, Meyrargues, Mollégès, Mouriès, Noves, Orgon, Peyrolles-en-Provence, Plan-d'Orgon, Le Puy-Sainte-Réparade, Rognes, Rognonas, La Roque-d'Anthéron, Saint-Andiol, Saint-Cannat, Saint-Estève-Janson, Saint-Paul-lès-Durance, Saint-Rémy-de-Provence, Sénas, Vernègues, Verquières;

— Roinn Var: Artigues, Ginasservis, Rians, Saint-Julien, La Verdière and Vinon-sur-Verdon;

— Roinn Vaucluse: Aurel, Auribeau, Avignon, Le Beaucet, Beaumettes, Bédoin, Blauvac, Buoux, Cabrières-d'Avignon, Caseneuve, Caumont-sur-Durance, Cavaillon, Châteauneuf-de-Gadagne, Crillon-le-Brave, Flassan, Fontaine-de-Vaucluse, Gargas, Gignac, Gordes, L'Isle-sur-la-Sorgue, Jonquerettes, Joucas, Lagarde-d'Apt, Lagnes, Lioux, Malemort-du-Comtat, Méthamis, Modène, Monieux, Morières-lès-Avignon, Mormoiron, Murs, Pernes-les-Fontaines, La Roque-sur-Pernes, Roussillon, Rustrel, Saint-Christol, Saint-Didier, Saint-Pantaléon, Saint-Pierre-de-Vassols, Saint-Saturnin-lès-Apt, Saint-Saturnin-lès-Avignon, Saint-Trinit, Sault, Saumane-de-Vaucluse, Sivergues, Le Thor, Velleron, Venasque, Viens, Villars, Villes-sur-Auzon.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-bd7aab43-51a7-47e4-8936-f997179f2c71